
# Nuacht Fhine Gall

Eisiúint № 13

Feabhra 2020



# AR AGHAIDH FAOI LÁN SEOIL

**Osclaítear Músaem Íocónach Iarnród Mionsamhla na Casaíne i Mullach Íde -** **Féach Lch 6 & 7**

## ISTIGH




**Scléip Lá Fhéile Pádraig ar fud Fhine Gall** **- Lch 4 & 5**



**An chéad mhol luaineachta riamh curtha i láthair** **- Lch 12**



**Áthas ar dhaoine i ndiaidh gur osclaíodh dhá chlós súgartha** **- Lch 14**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

**Do Chomhairle ag obair duitse**

## Teachtaireacht ón Méara



Tá an-chuid gníomhaíochta dearfaí déanta againn i bhFine Gall chun tús a chur le 2020. I lár mhí Eanáir leagadh béim ar an tiomantas leanúnach atá againn i bhFine Gall don ghníomhú ar son na haeráide agus don inbhuanaitheacht sa tuarascáil ar Phróifíl na nGníomhaithe Déanta Ar Son na hAeráide sa Rialtas Áitiúil in Éirinn. Tháinig sé seo díreach i ndiaidh na freagartha sin a tugadh go hiontach pras ar Stoirm Breandán, ina d'oibrigh foireann ó ranna éagsúla de chuid na Comhairle chun pobail ár gContae a choinneáil slán sábháilte.

Bhí an-áthas orm Iarnród Macasamhail an Casino, Mullach Íde a oscailt go hoifigiúil tar éis clár athchóirithe €4m a bheith curtha i gcrích i ndáil le hoibreacha a bhí le déanamh ar an fhoirgneamh stairiúil sin, an Casino, agus ar chaomhnú Bhailiúchán Iarnróid Mhacasamhail Fry. Is suntasach an méid a chuireann sé seo leis an saibhreas oidhreachta agus leis an stór de shaoráidí cultúrtha atá le fáil i bhFine Gall, agus molaim gach aon duine a bhí páirteach san iarracht chun é a thabhairt chun críche.

Bhí an-áthas orm an clár Fit Kids a chur ar siúl, clár de chuid Fhine Gall ina gcuireann 24 dhalta idirbhliana oiliúint ar bhreis is 500 daltaí ó Rang a Cúig agus ó Rang a Sé i scoileanna timpeall Bhaile Átha Cliath 15 i scileanna aclaíochta, i scileanna cleachta aclaíochta agus i scileanna spóirt. Is bealach iontach nuálaíochta é seo chun pobail a neartú ó thaobh na sláinte, an mhisnigh agus na gníomhaíochta de. Ag Dámhachtainí LAMA 2020, tugadh onóir d'Fhine Gall i raon de chatagóirí éagsúla. Tugadh aitheantas ar an obair chaomhnaithe agus athchóirithe atá déanta ar Fhoirgneamh an Casino i Mullach Íde agus ar Ionad Pobail Dhomhnach Bat Phort Reachrann, agus ar an obair leanúnach atáthar ag déanamh ar na trí pháirc phoiblí againn i Mullach Íde, sa Droichead Nua agus i mBaile an Tirialaigh, chomh maith leis an tSeirbhís Iompair Inbhuanaithe Aoisbhá i bhFine Gall, 'Carr Pobail'. Bhí sé tuillte go maith againn na buanna siúd a bhaint amach agus déanaim comhghairdeas le gach duine a bhí páirteach as ucht an obair chrua atá déanta acu chomh maith lena ndíograis agus leis an spiorad pobail atá iontu.

Beidh Seachtain na Gaeilge faoi lán seoil ón 1 Márta go dtí an 17 Márta, agus imeachtaí éagsúla curtha ar siúl ina mbeifear ag déanamh ceiliúradh ar cheann de na seoda cultúrtha is luachmhara dá bhfuil againn in Éirinn - an Ghaeilge. Ar an gcaoi chéanna, tá dul chun cinn maith déanta i dtaca leis na hullmhúcháin do Lá 'le Pádraig. Tá seacht bparáid eagraithe le bheith curtha ar siúl timpeall na tíre agus tá sé beartaithe go mbeidh ceann ar siúl i Mullach Íde den chéad uair. Táim ag súil go mór sibh a fheiceáil amach sa phobal ar an lá.

An Comh. Eoghan O'Brien
Méara Fhine Gall

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Rinneadh dul chun cinn suntasach i míonna tosaigh 2020. Aithníodh tiomantas na Comhairle do ghníomh réamhbhreathnaitheach, réamhghníomhach ar roinnt bealaí. Sampla amháin a bhí i nGradaim LAMA, le hainmniúcháin do dheich dtionscadal ar fud ocht gcatagóir a raibh ceithre dhámhachtain mar thoradh orthu. Léiriú é seo ar iarracht leanúnach, ar shaineolas agus ar dhíograis na gcomhaltaí foirne, na gcomhpháirtithe agus mhuintir an phobail araon.

Léirigh tuarascáil an Rialtais Áitiúil in Éirinn um Ghníomhaíochtaí Aeráide go raibh Comhairle Contae Fhine Gall réamhghníomhach i réimsí lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, forbairt inbhuanaithe iompair, bainistíocht riosca tuilte, bainistíocht dramhaíola agus acmhainní, réitigh bunaithe ar an dúlra agus rannpháirtíocht an phobail. Cruthaíodh naisc níos láidre le líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall toisc gur síníodh Meabhrán Tuisceana. Leagtar amach ann róil agus freagrachtaí an dá pháirtí i seachadadh an Chláir PPN i bhFine Gall, gné ríthábhachtach inár n-iarrachtaí chun caidrimh dhiana agus dháiríre a thógáil agus a chothabháil leis na pobail a bhfreastalaímid orthu. Díríodh ar thionscadail bhonneagair freisin. Tugadh Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat chun críche agus rinneadh dul chun cinn ar scéim uasghrádaithe Acomhal Bhóthar Pholl an Bhalla / Bhóthar Mayne.

Leagadh béim ar chur chuige nuálach ag seoladh an chéad Mhol Soghluaisteachta in Éirinn ag údarás áitiúil. Sa phíosa bonneagair seo tá cúig bhá pháirceála ainmnithe do riachtanais agus cineálacha éagsúla taistil, rud a cheadaíonn taisteal níos éagsúla agus níos inbhuanaithe, go háirithe dóibh siúd le saincheisteanna inrochtaineachta. Cuirfear na Moil i bhfeidhm ar fud Fhine Gall sna míonna amach romhainn. Tá imeachtaí agus tionscnaimh ag tosú go luath mar chuid de Sheachtain na Gaeilge a leanfaidh ar aghaidh go dtí ceiliúrthaí Lá Fhéile Pádraig. Molaim do gach duine a bheith páirteach, is cuma cén leibhéal taithí nó líofachta atá agat sa Ghaeilge, agus tá fáilte romhat chuig na seacht bparáid ar fud Fhine Gall an 17 Márta.

Idir an dá linn, bain sult as an eagrán is déanaí de Fingal News.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach



# DEARADH NUA DO SHEANTEACH CÚIRTE BHINN ÉADAIR AGUS TÚS CURTHA LEIS NA HOIBREACHA ATHCHÓIRITHE

Beidh cuma nua ar Sheanteach Cúirte Bhinn Éadair go luath mar go bhfuil tús curtha leis an obair athchóirithe ar an struchtúr stairiúil ar Bhóthar an Chuain agus leanfar leis na hoibreacha as seo go ceann cúpla mí.

Tá Tolmac Construction Ltd ceaptha mar an príomhchonraitheoir ag Roinn Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta Chomhairle Contae Fhine Gall chun an obair athchóirithe a dhéanamh ar Sheanteach Cúirte Bhinn Éadair. Cuireadh tús leis na hoibreacha ag tús Eanáir 2020 agus táthar ag súil go dtógfaidh sé thart ar shé mhí chun na hoibreacha a chur i gcrích.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is dea-scéala é athchóiriú Theach Cúirte Bhinn Éadair agus tá géarghá leis an obair seo a dhéanamh ag suíomh stairiúil chomh tábhachtach leis. Cúis áthais freisin is ea gur spás poiblí tábhachtach a bheidh ann i gcónaí do phobal Bhinn Éadair mar aon le pointe lárnach eolais do thurasóirí."

Is struchtúr cosanta é an foirgneamh atá suite ag suíomh feiceálach ag acomhal Bhóthar an Chuain agus Shráid an Teampaill sa bhaile. Ciallóidh an obair athchóirithe go mbeidh an pobal in ann níos mó úsáide a bhaint as an bhfoirgneamh mar go mbeidh sé níos éasca dul chomh fada leis.

Nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, athlonnófar oifig eolais do thurasóirí Thurasóireacht Fhine Gall ó chábán sealadach ar Bhóthar an Chuain agus coinneofar an príomh-halla mar spás solúbtha a bheidh ar fáil don phobal.

Gné shuntasach den obair é clós iontrála nua a thógáil ar an taobh thiar chun rampaí rochtana a chur ar fáil agus chun deis a thabhairt do gach duine dul chomh fada leis an bhfoirgneamh. Beidh spás taitneamhachta nua ardaithe le suíocháin ag breathnú amach i dtreo an chuain le fáil sa chlós iontrála nua tírdhreachaithe.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Is sampla eile é an obair athchóirithe ag Teach Cúirte Bhinn Éadair ar ár dtiomantas leanúnach infheistíocht a dhéanamh in oidhreacht Fhine Gall. Soláthróidh an foirgneamh athchóirithe spás poiblí atá ag teastáil go géar do phobal Bhinn Éadair."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Emer O' Gorman, Stiúrthóir na Roinna Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh in oidhreacht an chontae agus soláthróidh athchóiriú an tSeantí Cúirte i mBinn Éadair spás athchóirithe don phobal."

## TUGTAR CUNTAS AR GHNÍOMHARTHA AR SON ATHRÚ AERÁIDE I BPRÍOMHTHUARASCÁIL

Léiríonn tuairisc nua a foilsíodh an tseachtain seo go ndearna Fine Gall agus na húdaráis áitiúla go léir réimse ollmhór beart chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus chun gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun cinn.

.

Foilsíodh A profile of local Government Climate Actions in Ireland ina bhfuil taighde a rinne an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) ar son Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA). Is féidir rochtain a fháil ar an tuairisc agus í a léamh ag fingal.ie/news/new-research-shows-how-fingal-county-council-joined-other-local-authorities-taking-lead

Léiríonn an tuairisc go raibh Comhairle Contae Fhine Gall gníomhach in achair lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe a fhorbairt, bainistíocht riosca i gcás tuilte, bainistíocht dramhaíola agus acmhainní, réitigh bunaithe ar nádúr agus rannpháirtíocht an phobail.

Lena chois sin, tá Fine Gall chun tosaigh maidir le bheith ag tabhairt aghaidhe ar theagmhas adhaimsire a bhaineann le hathrú aimsire agus tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019-2024 déanta acu lena cinntiú go n-éireoidh muid níos acmhainní agus níos ullmhaithe. Is féidir an plean sin a léamh ag fingal.ie/climate-change-action-plan-2019-2024

Le blianta beaga anuas bhí teagmhais adhaimsire ann níba mhinice i réigiún Bhaile Átha Cliath. De réir réamhaisnéis na haimsire, bhí gaoth mhór agus fearthain throm le bheith ann de bharr Stoirm Bhreandáin, agus méadaíodh an rabhadh gaoithe oráiste chuig gach contae tráthnóna Dé Domhnaigh.Is iad an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus Údaráis Áitiúla amhail Comhairle Contae Fhine Gall na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha le haghaidh Móréigeandálaí.




# Ullmhúchán do Pharáidí na Féile Pádraig i bhFine Gall

Tá ullmhúchán do Lá Fhéile Pádraig na bliana seo faoi bhealach agus tá seacht bparáid eagraithe ar fud an chontae. Beidh an chéad pharáid riamh ar siúl i Mullach Íde. Déanfaidh na paráidí comóradh ar bhealach beoga arís ar gach a mbaineann le hÉirinn agus beidh lá spóirt ann do chách.

áthar ag súil leis go bhfreastalóidh os cionn 100,000 duine ar na paráidí, go nglacfaidh os cionn 15,000 duine páirt sna paráidí in éineacht le 1,000 eagraíocht phobail agus gnó. Cuirfidh sé sin go mór leis na geilleagair áitiúla mar beidh na mílte duine ar na sráideanna chun sult a bhaint as an lá.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is imeacht mór cultúrtha é Lá Fhéile Pádraig gach bliain agus tugann na paráidí deis do mhuintir Fhine Gall comóradh a dhéanamh ar a bpobail féin. Is deiseanna iad na paráidí do mhuintir Fhine Gall le grúpaí pobail áitiúla agus gnólachtaí áitiúla a fheiceáil agus teagmháil a dhéanamh leo. Táim ag tnúth le freastal ar na paráidí i bhFine Gall agus na flótaí éagsúla cruthaitheacha a fheiceáil i mbliana. Ba mhaith liom ach go háirithe fáilte a chur roimh Mhullach Íde agus iad ar chlár na Féile Pádraig den chéad uair."

Beidh stair Bhaile Brigín chun tosaigh ina pharáid i mbliana agus is é 'Creachadh Bhaile Brigín' téama na bliana seo, imeacht a tharla céad bliain ó shin.

Oibríonn Comhairle Contae Fhine Gall na trí pharáid i Sord, Baile Brigín agus Baile Bhlainséir agus cuireann sí tacaíocht airgeadais agus oibriúcháin ar fáil do gach ceann de na seacht bparáid. D'fhostaigh Comhairle Contae Fhine Gall David Events arís chun paráidí na bliana 2020 a sholáthar.

Beidh Méara Fhine Gall ag freastal ar na paráidí i Sord, Mullach Íde agus Baile Brigín i mbliana agus beidh an Leasmhéara ag freastal ar an bparáid i mBaile Bhlainséir.

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach na Comhairle Contae Fhine Gall: "Beidh pobal Mhullach Íde ag óstáil an chéad Pharáid Féile Pádraig riamh sa bhaile i






mbliana. Tá ríméad ar Chomhairle Contae Fhine Gall tacaíocht a thabhairt don pharáid seo agus gach paráid eile faoi stiúir an phobail sa chontae. Oibríonn foireann Imeachtaí Fhine Gall chun paráidí a eagrú a chuireann siamsaíocht ar fáil agus a dhéanann comóradh ar chultúir ar bhealach ionchuimsitheach."

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall fáilte roimh chách sult a bhaint as na paráidí. Is mar seo a leanas na suíomhanna agus na hamanna tosaigh Dé Máirt, 17 Márta:

| | |
|---|---|
| **Sord** | 11am |
| **Mullach Íde** | 12pm |
| **Baile Brigín** | 2pm |
| **Baile Bhlainséir** | 2pm |
| **An Ros** | 1pm |
| **Lusca** | 1.30pm |
| **Na Sceirí** | 3pm |

# Seachtain na Gaeilge i bhFine Gall 2020




Beidh ceiliúradh den chéad scoth le haghaidh Sheachtain na Gaeilge againn i bhFine Gall arís i mbliana agus clár iontach d'imeachtaí éagsúla á sheoladh ag Comhairle Contae Fhine Gall. Beidh an fhéile idirnáisiúnta Ghaeilge seo ar siúl idir an 1 Márta agus an 17 Márta, agus mana na féile ná triail a bhaint as an gcuid Gaeilge atá agat - Bain Triail Aisti.

Beidh imeachtaí curtha ar siúl ag an gComhairle i Halla an Chontae, Sord, i Leabharlanna Áitiúla agus eile agus beidh imeachtaí ar fud an Chontae eagraithe ag grúpaí teanga. Táthar in ann teacht ar chlár imeachtaí Sheachtain na Gaeilge i bhFine Gall ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.Fingal.ie.

Beidh Ceol, Craic agus Gaeilge in Áras Contae an Aitriam, Sord, Dé Máirt, ar 10 Márta ó 6.45 go 9pm, le ceoltóirí Paudie O'Connor, Aoife Ni Chaoimh agus Caoimhín O Fearghail agus ceoltóirí ó Comhaltas Ceoltóirí Éireann Átha Cliath. Ó cheantar Shliabh Luachra i gContae Chiarraí a thagann Paudie O Connor agus Aoife Ní Chaoimh. Is saineolaithe iad ar cheoil an cheantar sin agus cloistear go rialta iad ar chláir radio ar fud na cruinne. Is ceoltóir ildánach den chéad scoth ón Rinn, Contae Phort Láirge é Caoimhín Ó Fearghail. Tá cáil air mar phíobaire ach seinneann sé an fliúit, an giotár agus an basúcaí ar ard chaighdeán chomh maith. Beidh Ceoltóirí Comhaltas ann freisin, agus iad ag súil le Fleadh Laighean ag teacht go Sord Iúil 2020. Tá fáilte roimh chách agus beidh sólaistí ar fáil. Más rud é go bhfuil amhrán ann gur mhian leat casadh, beidh míle fáilte romhat!

Beidh Lón le Gaeilge lonnaithe sa séipéal dochreidte álainn i gCaisleáin Shoird Dé Máirt 3 Márta ó 1pm agus beidh siúlóid treoraithe i Diméin Ard Ghioláin ar an 12 Márta ag tosú ar 11am. Féachann gairdíní Ard Ghioláin amach ar Mhuir Éireann agus tá radharc dochreidte ann.

I measc na himeachtaí a bheidh ar siúl i leabharlanna áitiúla, beidh ceol a gcasfaidh Antaine Ó Faracháin agus Nollaig Mac Cárthaigh é, i mBaile Bhlainséir ar an 12 Márta ag 1pm. Beidh Ciorcal Comhrá le filíocht i mBaile Brigín Déardaoin 12 ag 6.45pm agus beidh Ronaldo Fanzini i mBaile Bhlainséir 19. Beidh Maidin Spraoi i Leabharlann Mhullach Íde 11 ó 10.30 – 12 le ciorcail cainte, ceol agus cluichí teanga. Beidh Óga Yóga Yoga as Gaeilge ar siúl freisin.

Imeachtaí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall:

- Ceol Craic agus Gaeilge, Áras Comhairle Contae, Sord, Dé Céadaoin, 10 Márta, 6.45-9pm.
- Lón agus comhrá Gaeilge, Séipéal Chaisleáin Shoird, Dé Máirt, 3 Márta, 1-2pm
- Maidin Spraoi i Leabharlann Mhullach Íde Dé Céadaoin 11 Márta, ó 10.30am go 12 le ciorcail cainte, ceol agus cluichí teanga
- Siúlóid treoraithe i Diméin Ard Giolláin Déardaoin 12 Márta 11am
- An Amhránaíocht ar an Sean-Nós & an Ceol Traidisiúnta - Antaine Ó Faracháin (Amhránaíocht/Fidil) & Nollaig Mac Cárthaigh (Píb Uileann) - Leabharlann Bhaile Bhlainséir ar an 12 Márta 1pm,
- Ronaldo Fanzini - Cuirfidh sé sorcas iontach greannmhar is fíor craiceáilte ar siúl i Leabharlann Bhaile Bhlainséir ar 19 Márta 3.30 - 4.30pm

Roinnt imeachtaí eile

- Ciorcal Comhrá in Molly's Baile Brigín ar 7 agus 14 Márta ar 12-1.30pm agus Pop Up Gaeltacht Dé Luain an 9 Márta sa Central Bar ag 8.30 pm
- Scór na bPáistí i gCumann CLG Fhine Ghallainn Sord 1 Márta agus Ciorcal Comhrá le ceol ar 4 agus an 11 Márta agus Lá Mór na nGael ann ar an 17 Márta



# Osclaíonn Músaem Iarnród Mionsamhla An Casino

Is cúis áthais do Chomhairle Contae Fhine Gall oscailt oifigiúil Mhúsaem Iarnród Mionsamhla An Casino, Mullach Íde, a fhógairt. Rinneadh athchóiriú €4m ar an bhfoirgneamh stairiúil An Casino agus caomhnú ar Bhailiúchán Iarnród Mionsamhla Fry.

Tá An Casino, atá suite in áit fheiceálach ag an mbealach isteach go Mullach Íde, ar an t-aon teachín Orne den chineál seo i bhFine Gall agus tá tábhacht stairiúil shuntasach ag baint leis d'oidhreacht ailtireachta Fhine Gall.

Caomhnaíodh, athchóiríodh agus leathnaíodh go cúramach an teachín agus tá sé anois ina taitneamhacht nua-aimseartha do chuairteoirí agus is ann atá bailiúchán Iarnród Mionsamhla Fry, a bhfuil tábhacht mhór stairiúil ag baint leis, ní hamháin do mhuintir Mhullach Íde ach do dhaoine ar fud an domhain a bhfuil spéis acu i dtraenacha mionsamhla. Tá seoid náisiúnta é an bailiúchán seo atá caomhnaithe go cúramach agus beidh sé ar taispeáint go buan do na glúnta atá le teacht ionas go bhféadfaidh siad taitneamh a bhaint as.




Chomh maith leis an mbailiúchán Mionsamhla Fry, beidh iarnród mionsamhla mór nua-aimseartha ar taispeáint sa mhúsaem a léiríonn roinnt iarnród in Éirinn, taispeántais idirghníomhacha, fuaimdhreacha, spás oideachais agus taispeántais agus léirmhínithe stairiúla agus earraí cuimhneacháin ó Iarnróid na hÉireann.

Tá an tionscadal, a chosain thart ar €4m le seachadadh, maoinithe ag clár caipitil Chomhairle Contae Fhine Gall agus ag bronntanas flaithiúil €1.5m ón Uasal Michael Gaffney, nach maireann, ó Mhullach Íde.

Cuireadh tús leis an tionscadal den chéad uair os cionn deich mbliana ó shin agus beidh sé á oscailt go oifigiúil mar thaithneamhacht do chuairteoirí ag Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien. Cuirfidh an tionscadal go mór leis an bportfóilió fairsing agus suntasach maoine oidhreachta atá ag Comhairle Contae Fhine Gall cheana féin.

Bhí AnnMarie Farrelly, Príomhfheidh-



meannach Chomhairle Contae Fhine Gall, Fionnuala May, Ailtire an Chontae, agus Emer O'Gorman, Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta, i láthair ag an oscailt a raibh an-fhreastal uirthi chomh maith le comhairleoirí áitiúla, ionadaithe tofa agus baill den phobal áitiúil.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comh. Eoghan O'Brien: "Tá an-áthas orm a bheith anseo inniu chun an Músaem Iarnród Mionsamhla An Casino a oscailt go hoifigiúil, agus é caomhnaithe agus athchóirithe go hálainn. Tá athfhorbairt An Casino ar cheann de na tionscadail is mó a rabhthas ag súil leis i gceantar Mhullach Íde agus tá mé thar a bheith bródúil a bheith in ann seasamh anseo inniu chun an mhaoin oidhreachta iontach seo a oscailt.

"Ní gá a rá go mbeidh Músaem Iarnród Mionsamhla An Casino ina thaitneamhacht mhórthaibhseach do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí, idir óg agus sean, le taitneamh a bhaint as go ceann na mblianta.

"Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Grúpa Mhullach Íde, atá comhdhéanta de GV Wright, Colette Smith, Michael Howard, Matt Ryan Jnr, Nora Owen, Matt McNulty agus Alfie O'Dowd, a d'oibrigh go dícheallach thar na blianta chun an tionscadal seo a thabhairt chun críche."

Mhol an Méara Comhairle Contae Fhine Gall freisin as infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa tionscadal, agus thug sé ómós do Micheál Gaffney, nach maireann, as a dheontas flaithiúil chun an foirgneamh a athchóiriú.

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Mórthionscadal caipitil do Chomhairle Contae Fhine Gall is ea athchóiriú agus athfhorbairt An Casino agus tá áthas orm a bheith anseo inniu ag oscailt oifigiúil ár maoine oidhreachta is nuaí. Is lá an-speisialta é seo do cheantar Mhullach Íde, agus go deimhin d'Fhine Gall ina iomláine, agus níl aon amhras orm ach go mbeidh an-tóir ag turasóirí ar Mhúsaem Iarnród Mionsamhla An Casino amach anseo.

"Is maoin uathúil í An Casino agus cinnteoidh an obair athchóirithe agus chaomhnaithe cúramach go mbeidh deis ag an bpobal sult a bhaint as an taitneamhacht nua-aoiseach seo do chuairteoirí atá lonnaithe i bhfoirgneamh atá stairiúil agus suntasach ó thaobh na hailtireachta de."

Dúirt Emer O'Gorman, an Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta: "Is iontach an rud é Músaem Iarnród Mionsamhla An Casino do phortfóilió maoine oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall, lena n-áirítear Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde, Teach Dhroichead Nua agus Caisleán Ard Giolláin. Tá forbairt na turasóireachta ina gné ríthábhachtach d'obair ár rannóige agus cuirfidh an mhaoin nua seo go mór leis an méid atá ar fáil d'áitritheoirí chomh maith le cuairteoirí ón mbaile agus ó thar lear. "

Dúirt Fionnuala May, Ailtire an Chontae: "Dhear ailtirí Chomhairle Contae Fhine Gall an foirgneamh ar son na Forbartha Eacnamaíche, Fiontair agus Turasóireachta agus d'éirigh leo an teachín bunaidh a nascadh le foirgneamh nua comhlántach. D'oibrigh an Chomhairle go dlúth leis na conraitheoirí go léir a ceapadh chun an tionscadail lena chinntiú go ndéanfadh ceardaithe oilte a bhfuil saineolas ina réimse acu gach gné den tionscadal. Is mór an chreidiúint é críochnú an tionscadail seo do gach duine beo a bhí páirteach ann ó cuireadh tús leis an tionscadal go dtí go raibh sé críochnaithe. "

Bhronn Comhairle Contae Fhine Gall an conradh le bheith i mbun an mhúsaeim ar Oidhreacht Shionainne, atá ag obair go dlúth le Comhairle Contae Fhine Gall agus atá tiomanta do rath an mhúsaeim mar thaithneamhacht do chuairteoirí baile agus idirnáisiúnta. Beidh seisear fostaithe sa mhúsaem nua. Tá an-áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt go bhfuil Músaem Iarnród Mionsamhla An Casino oscailte don phobal anois agus gur féidir gach eolas cuairteora a fháil ar an láithreán gréasáin oifigiúil https://www.modelrailwaymuseum.ie/





# An chéad Féile Sacair Siúil den bhliain 2020

D'óstáil Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhpháirtíocht le Cumann Peile na hÉireann, a céad Féile Sacair Siúil na bliana nua ar an bpáirc imeartha nua den chineál is úire san Airéine faoi Dhíon sa Champas Náisiúnta Spóirt i mBaile an Aba.

Ghlac os cionn 120 imreoir páirt ar an lá. Bhí foirne ann ó Bhaile Bhlainséir, Seantrabh, Baile Brigín, An Chúlóg, Fionnghlas, An Chabrach, Droichead Átha, Uíbh Fhailí, Cill Droichid, An Nás agus An tInbhear Mór. D'imir siad i dtrí ghrúpa chun áiteanna a bhaint amach sa bhabhta leathcheannais agus sa chluiche ceannais. Bhí an lá le Kildare Celtic, a bhuaigh in aghaidh Chill Droichid tar éis ciceanna pionóis i ndearbaí idir dhá fhoireann as Cill Dara sa bhabhta ceannais.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, an méid seo faoin bhFéile: "Tá sé iontach a fheiceáil go bhfuil suim ag an oiread sin daoine os cionn 50 bliain d'aois páirt a ghlacadh i spórt agus fanacht gníomhach. Tá líon na ndaoine a bhfuil suim acu i Sacar Siúil, agus léiríonn sé sin an t-éileamh atá ar an spórt agus cé chomh fiúntach is atá an t-imeacht seo. "

Dúirt an tOifigeach Forbartha de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall/ FAI, Paul Breen: "Ghlac 14 fhoireann páirt le linn lá iontach sacair, agus cruthaíonn sé sin nach mbíonn aon duine róshean le sult a bhaint as an spórt."

"Is spórt é sacar siúil atá dírithe ar dhaoine os cionn 50 bliain d'aois, agus is bealach iontach é dóibh fanacht gníomhach ó thaobh an choirp agus cúrsaí sóisialta de, fad a bhaineann siad sult as an gcluiche," a dúirt sé.

De réir mar a thagann méadú ar líon na ndaoine a ghlacann páirt, is é an aidhm atá againn grúpaí a roinnt ina 2 Roinn: 50 bliain go 60 bliain agus os cionn 60 bliain.

Má tá suim ag aon duine páirt a ghlacadh i sacar siúil nó más mian leat tuilleadh sonraí a fháil faoi cá mbíonn Sacar Siúil ar fáil ina gceantar áitiúil, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le Bainisteoir Pobail FAI Gerry Reardon ar gerry.reardon@fai.ie nó Oifigeach Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall/FAI Paul Breen ar paul.breen@fai.ie

## Ceapann an Chomhairle conraitheoir do scéim uasghrádaithe bóthair

Tá sé fógartha ag Comhairle Contae Fhine Gall go bhfuil SIAC Construction Ltd. ceaptha chun scéim Uasghrádú Acomhal Bhóthar Pholl an Bhalla / na Sráide Móire a chur i gcrích.

Áirítear sa tionscadal seo acomhail na Sráide Móire le Bóthar Pholl an Bhalla agus Bóthar Dhroimeanaigh a ailíniú. Cruthóidh sé seo leagan amach bóthair i bhfad níos sábháilte do gach úsáideoir bóithre trí amharclínte feabhsaithe agus áiseanna trasnaithe nua le comharthaí a sholáthar, mar aon



Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Tá uasghrádaithe bonneagair cosúil le scéim Uasghrádaithe Acomhal Pholl an Bhalla/na Sráide Móire riachtanach chun tacú le forbairt agus fás sa cheantar. Soláthróidh an obair uasghrádaithe seo bonneagar níos sábháilte agus níos inbhuanaithe don bhóthar le cosáin agus rotharbhealaí nua a chruthóidh timpeallacht a thacóidh le gach duine."

Tá bearta bainistíochta tuilte agus bonneagar nua soláthair uisce san áireamh freisin. Cuireadh tús leis an obair thógála ar an 10 Feabhra agus tá clár oibre 14 mhí leagtha síos.




# Tagann go leor daoine ó Fhine Gall i láthair chun dul ar siúlóidí

D'éirigh thar cionn le siúlóidí Operation Transformation i bhFine Gall arís i mbliana agus ghlac siúlóirí agus reathaithe díograiseacha páirt sna siúlóidí a réachtáladh i gcúig shuíomh i bhFine Gall.

Ba é Oifig Spóirt Fhine Gall a d'eagraigh na siúlóidí i gcomhpháirt le Spórt Éireann mar chuid den fheachtas Náisiúnta Siúlóidí ar ghlac 17,000 duine páirt ann in 143 suíomh. Réachtáladh siúlóidí i mBaile Brigín, Páirc Bhaile an Phóirtéaraigh, Gleann na hAbhann i Sord, Páirc Bhaile an Tirialaigh agus Páirc San Caitríona, rud a chiallaíonn nach raibh leisce ar bith ag aon duine gan a bheith amuigh faoin aer.

Bhí na siúlóidí 3km nó 5km agus bealach dearfach ba ea iad chun tús sláintiúil agus gníomhach a chur leis an mbliain nua ar bhealach ionchuimsitheach agus spraíúil atá oiriúnach do gach aois agus gach cumas.

Ba é seo an chéad bhliain ar reáchtáladh siúlóid i bPáirc Bhaile an Tirialaigh agus bhí Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, agus an Méara Gníomhach, an Comhairleoir Freddie Cooper, i measc an tslua a ghlac páirt sa tsiúlóid seo.

Bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien ag tús an tslua ag an tsiúlóid cois cósta i mBaile Brigín feadh na trá chomh fada le Caisleán Bhrí Mhór. D'oibríomar i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara chun an chéad siúlóid a reáchtáil i bPáirc San Caitríona, agus bhí siúlóirí ó Pháirc Bhaile an Phóirtéaraigh agus Ghleann na hAbhann i measc na reathaithe a bhí ag glacadh páirte sa rith páirce. Bhí ár gComhairleoirí lánsásta a bheith i measc an tslua chun a dtacaíocht a léiriú agus ina measc siúd a ghlac páirt ar an lá bhí an Comhairleoir Grainne Maguire, an Comhairleoir Mary McCamley agus an Comhairleoir Darragh Butler.

Más mian leat leanúint leis an stíl mhaireachtála sláintiúil in 2020 is féidir leat páirt a ghlacadh sna siúlóidí a eagraítear i do cheantar áitiúil agus sna páirceanna éagsúla i bhFine Gall agus feadh an 88km de chósta, ar suíomhanna iontacha iad chun taitneamh a bhaint as an saol amuigh faoin aer.

# LEATHNAÍONN BEaT A SPÁS OIFIGE

D'fhógair Ionad Oiliúna agus Fiontair Bhaile Brigín (BEaT) síneadh leis an spás oifige do ghnólachtaí beaga agus daoine ar mian leo cianobair a dhéanamh agus laghdú a dhéanamh ar chomaitéireacht.

D'fhógair Ionad Oiliúna agus Fiontair Bhaile Brigín (BEaT) síneadh leis an spás oifige do ghnólachtaí beaga agus daoine ar mian leo cianobair a dhéanamh agus laghdú a dhéanamh ar chomaitéireacht.

"Tá Ionad Oiliúna agus Fiontair Bhaile Brigín 20 bliain d'aois anois, agus tá sé de rún againn an t-ionad a bhrandáil as an nua le lógó agus suíomh gréasáin nua roimh mhí an Mhárta," a deir bainisteoir BEaT Ria Stubbs.

"Bainfidh an áis nua úsáid as Aonad a Naoi san Ionad Oiliúna agus Fiontair. Tá sé beartaithe na ceithre sheomra oiliúna agus cistin atá ann a athchóiriú ina spás oibre comhroinnte.

Rinneadh maoiniú LEADER ar fiú €200,000 é a réamhcheadú le gur féidir na háiseanna BEaT a shíneadh. Mar gheall ar sin, is ionann an buiséad iomlán atá ar fáil don athfhorbairt agus €260,000. Beidh 18 ndeasc ar fáil, roinnt acu in oifigí aonair, chomh maith le seomra cruinnithe agus spás comhroinnte lena úsáid ag grúpaí pobail san áis athchóirithe 3,200 troigh chearnach.

De réir Dhaonáireamh 2016, tá líon na gcónaitheoirí a oibríonn go háitiúil i mBaile Brigín íseal i gcomparáid le bailte comaitéireachta eile atá chomh mór céanna. "Táthar ag súil leis go gcuirfear tús le hobair roimh mhí an Mheithimh, chomh luath is a fhaightear an phleanáil agus an maoiniú atáthar ag súil leis"

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an áis seo i mBaile Brigín, tabhair cuairt ar beat.ie



# CEADAÍODH TRÍ SCÉIM NUA TITHÍOCHTA



D'fhaomh comhairleoirí i gComhairle Contae Fhine Gall pleananna chun 87 teach sóisialta eile a thógáil ar thrí láithreán i Sord, Ceapach agus Cluain Seach, fad a leanann an Chomhairle dá gealltanais faoin bPlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann a chur i gcrích. .

Ó 2015 i leith, sholáthar Comhairle Contae Fhine Gall os cionn 6,200 réiteach tithíochta trí réimse meicníochtaí soláthair, lena n-áirítear tógáil, Cuid V, ceannaigh, léasú agus Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT).

"Le cúig bliana anuas, tá comhairleoirí agus baill foirne ag obair as lámh a chéile chun níos mó tithe a chur ar fáil i bhFine Gall, agus d'éirigh linn níos mó tithe a chur ar fáil gach bliain ná a chuireamar ar fáil sa bhliain roimhe sin. Ach tá obair fós le déanamh má táimid chun laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine atá gan dídean agus líon na ndaoine atá ar an liosta tithíochta, ach tá dul chun cinn á dhéanamh againn," a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien.

Ó 2016 i leith, thóg an Chomhairle 288 teach. In 2019, cuireadh tithe ar Bhóthar Avondale agus Bóthar an Teampaill i mBaile Átha Cliath 15 i gcrích, chomh maith le tithe i mBaile Róil agus Fearann an Chaisleáin i mBaile Brigín. Tá tógáil ar siúl ag ceithre láithreán, rud a chuirfidh 98 teach breise ar fáil in 2020. Tá 236 teach eile ag céim na tairisceana nó sa phróiseas pleanála.

Is leis an gComhairle os cionn 5,500 teach teaghlaigh agus déanann sí iad a bhainistiú. Tugann na tithe sin cóiríocht ar fáil do 20,000 duine. Dúirt Margaret Geraghty, Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail, go dtugtar tithe sóisialta i bhFine Gall chuig iarrthóirí incháilithe ar an Liosta Feithimh Tithíochta, de réir théarmaí na Scéime Leithdháilte um Thacaíocht Tithíochta Sóisialta.

"Níor tháinig aon athrú ar ár mbeartais seanbhunaithe agus is é sin an bealach is cothroime is féidir chun tithe a leithdháileadh orthu siúd ar an liosta tithíochta. Táimid freagrach as riachtanais tithíochta ár bpobail a chomhlíonadh. I measc an phobail i bhFine Gall tá daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean, an lucht siúil agus ár ndaonra imirceach atá ag méadú.

"Le déanaí, d'fhoilsigh an Chomhairle Straitéis um Imeascadh Imirceach agus Comhtháthú Sóisialta chun a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Contae Fhine Gall riachtanais ár ndaonra éagsúil atá ag fás. Leagtar amach ann ár dtiomantas d'imeascadh imirceach ar fud an chontae a chur chun cinn," a dúirt Iníon Geraghty.

Dúirt sí chomh maith gur eochairchuspóir na Comhairle é tithe inacmhainne a chur ar fáil agus tharraing sí aird ar cé chomh maith is a d'éirigh leis an Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann i bhFine Gall. Ó cuireadh tús leis an scéim i bhFeabhra 2018, tarraingíodh 191 iasacht arbh fhiú €41.78 milliún iad as cheana féin agus tá 235 iasacht bhreise faofa ar fiú €52.27 milliún iad.

Déanfar éascaíocht ar sholáthar na dtithe inacmhainne sa chontae ag ceithre láithreán mar gheall ar mhaoiniú €18 milliún a chuirfear ar fáil faoin gCiste Suíomhanna Seirbhísithe. Tabharfar an chéad cheann de na scéimeanna sin isteach i Lusca le linn 2020 agus rollfar na cinn eile amach i Mullach Eadrad, Ceapach agus Baile an Aicéadaigh.



Tá Comhairle Contae Fhine Gall ar tí tógáil a céad tionscadal faoin Scéim Gníomhachtaithe um Bhonneagar Tithíochta Áitiúil, mar tá Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat beagnach réidh le hoscailt. Déanfaidh sé sin éascaíocht ar rochtain ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle ag Baile Mastún. Dá bharr sin, soláthrófar idir 1,000 agus 1,200 teach ina mbeidh forbairtí le tionóntachtaí measctha, is é sin 20% teach sóisialta, 20% teach inacmhainne agus 60% teach príobháideach, chomh maith le scoileanna agus mol áineasa.

Is cuid den tionscnamh 'Project Talamh' é Baile Mastún, tionscnamh a fhorbróidh tailte le haghaidh tithíocht le tionóntachtaí measctha ag Church Fields i mBaile Átha Cliath 15 agus Ceapach i bhFionnghlas freisin. Mar gheall ar na cúlsoláthair talún sin a fhorbairt, beifear ábalta os cionn 2,000 teach a sholáthar.

Tá obair tosaithe ar an dara tionscadal LIHAF de chuid Fhine Gall, Bóthar Ráth Béil i Sord, agus táthar díreach tar éis an tairiscint don tríú tionscadal ag Steach Póilín, Baile Dúill, a bhronnadh. Soláthróidh na trí thionscadal straitéiseacha sin 2,800 teach roimh 2021 agus tá an acmhainn fhadtéarma ann éascaíocht a dhéanamh ar 6,900 aonad a sholáthar.

Tá dea-scéala ann ó thaobh gníomhaíocht san earnáil tithíochta príobháidí freisin. Faoi láthair, tá 135 láithreán sa chontae agus tá cead pleanála tugtha le haghaidh 15,430 aonad. Tá ochtó trí de na láithreáin sin gníomhach agus tá 4,950 aonad curtha ar fáil go dtí seo, tá 2,400 aonad á dtógáil faoi láthair agus tá 3,200 aonad le soláthar. In 2019, tá 14 láithreán críochnaithe go hiomlán inar soláthraíodh 1,290 aonad.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhforbraítear tithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach ar fud na tíre. Ó 2015 i leith, táimid ag díriú ar an ngá atá ann infreastruchtúr agus tithíocht a sholáthar in éineacht le chéile. Is é an tiomantas atá ann Fine Gall a fhás ar bhealach inbhuanaithe nádúrtha atá taobh thiar den Phlean Forbartha atá againn faoi láthair, agus táimid ag iarraidh a chinntiú go dtagann na pobail nua agus na pobail atá ann le chéile go réidh."

## Cuirtear tús e próiseas comhairliúcháin maidir le Creatphlean Uirbeach Domhnach Bat

Chuir Comhairle Contae Fhine Gall tús le próiseas leathan comhairliúcháin i nDomhnach Bat mar chuid dár bpleananna chun Creatphlean Uirbeach a chruthú don bhaile.

Tá sé mar aidhm ag an gCreatphlean Uirbeach fís a chur ar fáil do lár bhaile Dhomhnach Bat a chuirfidh feabhas ar agus a chuirfidh leis ceantar na Príomhshráide agus a thabharfaidh treoir d'fheabhsúchán cúramacha uirbeach. Tá sé beartaithe go dtarraingeoidh an Plean seo aird ar charachtar ar leith Dhomhnach Bat, ar shuíomh an bhaile ar an leithinis, ar shaincheisteanna reatha a bhaineann le Domhnach Bat agus, ar deireadh, go leagfaidh an Plean clár beart amach a comhaontaíodh leis an bpobal.

Mar a leagadh amach i bPlean Forbartha Fhine Gall, is gné ríthábhachtach de chreatphleananna uirbeacha é rannpháirtíocht leathan agus ghníomhach an phobail. I dtaca leis sin, tá obair agus ionchur an phobail thar a bheith tábhachtach.

Sna chéad chúpla seachtain eile, tá tuileadh ceardlanna pleanáilte le gnólachtaí, cumainn cónaitheoirí agus scoileanna mar chuid den phróiseas leathan rannpháirtíochta a mbeidh dréachtphlean ann dá bharr. Beidh sé sin faoi réir tuilleadh comhairliúcháin agus ionchuir ón phobal áitiúil.

# Seolann Comhairle Contae Fhine Gall an chéad 'Mhol Soghluaisteachta'




Is é Comhairle Contae Fhine Gall an chéad údarás áitiúil in Éirinn a bhfuil 'Mol Soghluaisteachta' seolta aige chun tacú le taisteal inrochtana agus inbhuanaithe ar an tSráid Mhór, Baile Bhlainséir.

Cuimsítear sa mhol cúig bhá páirceála le feidhmeanna sonracha dath-chomhordaithe lena n-áirítear spásanna aoisbhácha, do dhaoine faoi mhíchumas, do luchtú carranna leictreacha, raca rothar (roinnt rothar agus poiblí), agus roinnt carranna.

Is é an aidhm atá leis an Mol Soghluaisteachta cineálacha éagsúla agus inbhuanaithe iompair a spreagadh i gceantair atá gar do naisc iompair phoiblí atá ann cheana féin le comhchruinniú ard fostaíochta, tithe, siopaí, áiseanna agus taitneamhachtaí.



Ceadaíonn sé seo do líon níos mó saoránach, lena n-áirítear daoine níos sine agus iad siúd a bhfuil fadhbanna inrochtaineachta acu taisteal ar bhealaí éagsúla, mar aon le cuspóirí athraithe aeráide Fhine Gall a bhrú chun cinn ag an am céanna.

Sna míonna amach romhainn, beidh na Moil Inrochtaineachta á rolladh amach ar bhonn céimnithe i mbailte agus i sráidbhailte Fhine Gall.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is tionscnamh fiúntach é an Mol Soghluaisteachta a léiríonn tiomantas Fhine Gall cabhrú le rath an phobail agus na timpeallachta.

"Táim ag súil leis an rath a bhíonn ar shamhail an Mhoil Soghluaisteachta a fheiceáil i mBaile Bhlainséir agus níos faide ó bhaile."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Is fianaise é an Mol Soghluaisteachta ar chur chuige réamhghníomhach Chomhairle Contae Fhine Gall lena chinntiú go bhfuil bonneagar inbhuanaithe agus inrochtana á chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall.


"Is fianaise é chomh maith ar ár dtiomantas ár gcuspóirí athraithe aeráide a chomhtháthú i ngach gné dár gcuid oibre."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag David Storey, an Stiúrthóir Oibríochtaí: "Is píosa bonneagair nuálaíoch é an Mol Soghluaisteachta a thacaíonn le modhanna iompair éagsúla.

Molaim foireann na Roinne Oibríochtaí as a gcuid iarrachtaí agus táim ag súil le forbairt an tionscnaimh ar fud Fhine Gall a fheiceáil."

# Know What's Happening In Your County

Council | News | Events




Residents | Visitors | Business

# Fingal.ie

## Your Information Website

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

**Your Council, working for you**

## Comharthaí Nua Éigeandála 112 don Gharda Cósta Curtha in Airde



Sheol Comhairle Contae Fhine Gall, in éineacht le hAonad Bhinn Éadair de chuid Garda Cósta na hÉireann agus ionadaithe ó ghrúpaí an phobail áitiúil, is iad sin Howth Pathways agus Coiste an Ordaithe um Limistéar Taitneamhachta Speisialta Bhinn Éadair, na comharthaí nua éigeandála ar Chosán Aille Íochtair Bhinn Éadair.

Tá na comharthaí nua lonnaithe ar an gCosán Aille Íochtair ó charrchlós Bhaile Scadán go dtí Red Rock. Aithníodh áiteanna de réir na mapála a rinne Garda Cósta na hÉireann ar na háiteanna ar tharla a lán teagmhas. Tá uimhir uathúil ag gach comhartha chun cur ar chumas Ghardа Cósta na hÉireann daoine atá gortaithe nó i mbaol a aimsiú go tapa nuair a chuireann siad glaoch ar 112 agus a chuireann siad uimhir shuímh ar fáil.

Go minic, ní bhíonn cur amach ag cuairteoirí ar Bhinn Éadair a théann i sáinn agus iad ar an gcosán aille agus ní féidir leo suíomh cruinn a chur ar fáil do na seirbhísí éigeandála. Dá bharr sin, bíonn ar Gharda an Chósta dhá fhoireann chuardaigh nó os a chionn a chur amach chun daoine a aimsiú. Cailltear am luachmhar mar gheall air sin. Dúirt Méara Fhine an Comhairleoir Eoghan O'Brien an méid seo a leanas faoi na comharthaí nua: "Is tionscnamh iontach sábháilteacha é an chomharthaíocht nua, agus tá sé tábhachtach ach go háirithe ag féachaint don líon mór daoine a thugann cuairt ar an gcosán aille."

Tá sé beartaithe an tionscnamh a shíneadh chuig ceantair eile i mBinn Éadair agus Fine Gall go luath.

# OSCLAÍONN COMHAIRLE DHÁ CHLÓS SÚGARTHA NUA I MBAILE BRIGÍN

Tá gliondar croí ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt gur osclaíodh dhá chlós súgartha nua i mBaile Brigín. D'oscail Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien, clós súgartha an Ardáin Bhanna Ceoil i ngar don Túr Martello agus clós súgartha Shráid na Cé go hoifigiúil i gcuideachta an Phríomh-fheidhmeannaigh AnnMarie Farrelly. Thug na leanaí díograiseacha ó Scoil Náisiúnta Naomh Molaga le fios go bhfuil siad sona sásta leis an gclós ar an lá. I láthair ag an oscailt, chomh maith, bhí baill de Choiste Clós Súgartha Bhaile Brigín agus na Comhairleoirí áitiúla Tony Murphy agus Gráinne Maguire agus an t-iar-Chomhairleoir Malachy Quinn, a raibh baint mhór acu leis an tionscadal ón tosach.

Aithníonn Comhairle Contae Fhine Gall an tairbhe mhór a bhaineann le hinfheistiú a dhéanamh i súgradh leanaí mar cheann de na rudaí tábhachtacha is féidir linn a dhéanamh chun feabhas a chur ar shláinte agus folláine leanaí. Dearadh na clóis súgartha chun samhlaíocht leanaí a mhúscailt agus a suíomh féin a ghlacadh sa tírdhreach agus d'eascair siad as comhairliúchán agus idirchaidreamh fairsing a rinneadh leis an bpobal áitiúil. Rinneadh láthair an chlóis súgartha a fhéachann amach ar chuan Bhaile Brigín deilbhín Chlós Súgartha an Ardáin Bhanna Ceoil a spreagadh agus tá téama muirí aige, macasamhail den teach solais íocónach san áireamh. Chomh maith leis sin, spreag láthair an chlóis súgartha taobh leis an tarbhealach iarnróid dearadh Shráid na Cé, a bhfuil téama iarnróid aige.

Ag labhairt dó ag an seoladh, dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien: "Tá gliondar croí orm a bheith ar ais i mBaile Brigín agus na clóis súgartha seo á seoladh i ndiaidh Páirc Scátála nua an bhaile a sheoladh anuraidh. Tá na saoráidí nua súgartha seo mar chuid d'fhreagairt Chomhairle Contae Fhine Gall do dhul i ngleic leis an easnamh bonneagair i mBaile Brigín. Is iontach sceitimíní na leanaí ó Scoil Naomh Molaga a bhfuil triail á baint acu as na clóis súgartha inniu a thabhairt faoi deara."

Tá baint lárnach ag rannpháirtíocht áitiúil maidir leis an mbealach a dhéanann Comhairle Contae Fhine Gall gnó agus a sholáthraíonn sé seirbhísí agus dearadh agus forbraíodh na clóis súgartha le tacaíocht ó Choiste an



Chlóis Súgartha agus i ndiaidh idirchaidreamh forleathan leis an bpobal áitiúil. Chuir ionadaí ó Choiste Chlós Súgartha Bhaile Brigín fáilte roimh oscailt na gclós súgartha agus ghabh sé buíochas le baill an choiste as ucht a dtiomantais don tionscadal le himeacht na mblianta.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Is rímhór an sásamh dom a bheith anseo chun na clóis súgartha seo a oscailt agus ba mhian liom Kevin Halpenny agus foireann na bPáirceanna a mholadh as an dúshlán a shárú a chruthaigh na tionscadail seo a sholáthar sna chéad 12 mhí de phlean Athnuachana Ár mBaile Brigín. Dhírigh Comhairle Contae Fhine Gall ach go háirithe ar Bhaile Brigín ar feadh roinnt blianta agus leanfaidh sé ag oibriú chun an bonneagar a sholáthar chun freastal ar riachtanais an bhaile agus daonra óg agus éagsúil an bhaile."

Tá tiomantas chun feabhas a chur ar an líon saoráidí súgartha agus aclaíochta poiblí sa bhaile ar cheann de " na 20 rud atá le baint amach laistigh de 12 mhí" a chuimsítear i bPlean Athnuachana Bhaile Brigín. Cuirfidh na clóis súgartha seo agus an Pháirc Scátála a osclaíodh go déanach in 2019 áiteanna sábháilte ar fáil inar féidir le leanaí i mBaile Brigín spraoi a bheith acu agus tabhairt faoi ghníomhaíocht shláintiúil taobh amuigh. Tá cistiú caipitil suntasach geallta ag an gComhairle do Bhaile Brigín agus rinneadh dul chun cinn láidir ar phleananna do Pháirc Réigiúnach Bhrí Mhór, Bealach Cósta Fhine Gall agus scéimeanna rothaíochta agus coisithe do Bhóthar Anraí Mhic Raghnaill.



# Eispéireas nua Réaltachta Fíorúla sábháilteachta ar bhóithre "Do Shaol"

D'éirigh le daltaí na hIdirbhliana ag Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha blaiseadh a fháil den chéad uair riamh ar chlár teagaisc um shábháilteacht ar bhóithre trí theicneolaíocht nua-aimseartha Réaltachta Fíorúla (VR) a úsáid nuair a thug Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhar le Scoil Tiomána AVIVA, an t-eispéireas 'Do Shaol – Do Rogha' a fhad le Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha Dé Céadaoin, an 29 Eanáir chun go dtabharfadh daltaí faoi deara iad féin tionchar agus torthaí tuairteanna gluaisteán.




Díríonn an clár ar thiománaithe óga idir 16 agus 25 bliain d'aois agus ar fhearas cinn réaltachta fíorúla a thaispeánann eispéireas uathúil ionsamhlaithe seacht nóiméad ar thimpiste um thrácht ar bhóithre, agus déantar an breathnóir a thumadh go hiomlán mar phaisinéir sa suíochán tosaigh i gcás na timpiste.

Tugann an tuairt ionsamhlaithe chun solais an tionchar a imríonn cur isteach ar thiománaí, luas, guthán póca a úsáid agus taispeánann sé an fáth go bhfuil sé an-tábhachtach go gcaitheann gach paisinéir crios sábhála. Feicfidh daltaí, chomh maith, an tréimhse díreach i ndiaidh timpiste thromchúiseach ó shuíochán an phaisinéara nuair a thagann na chéad fhreagróirí (otharcharr, seirbhísí dóiteáin agus an Garda Síochána) i láthair na timpiste.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien: "Is é an cuspóir atá ag an gclár 'Do Shaol – Do Rogha' chun oideachas níos fearr a chur ar dhaoine óga ar an mbaol a chruthaíonn luas, cur isteach agus úsáid a bhaint as gutháin phóca fad a bhítear ag tiomáint. Sárshampla iad na fearais chinn Réaltachta Fíorúla ar conas is féidir an teicneolaíocht a úsáid go nuálach chun cabhrú le hiompar na dtiománaithe a athrú ar ár mbóithre.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Anuas ar an nGarda Síochána, cuireann an feachtas seo deis luachmhar ar fáil lena thaispeáint do thiománaithe óga, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua, an baol atá rompu ar an mbóthar agus cuireann sé teachtaireacht agus tábhacht na sábháilteachta ar bhóithre in iúl agus tá súil leis go ndéanfaidh sé an líon imbhuailtí tromchúiseacha/marfacha ar ár mbóithre a laghdú níos mó."

Sna míonna amach romhainn, tabharfar an t-eispéireas réaltachta fíorúla 'Do Shaol – Do Rogha' isteach i measc Dhaltaí na hIdirbhliana ar fud Fhine Gall agus beidh cuairt á tabhairt ag Oifigigh ó Chomhairle Contae Fhine Gall, chomh maith leis sin, ar na scoileanna leis an gclár.









# TÁ MEABHRÁN TUISCEANA IDIR LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ FHINE GALL AGUS COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL SÍNITHE

Bhí searmanas sínithe ar siúl Dé Máirt, 28 Eanáir 2020 i Seomra Chomhairle Contae Fhine Gall i Halla an Chontae, Sord, nuair a síníodh Meabhrán Tuisceana idir Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Fhine Gall agus Comhairle Contae Fhine Gall. Bhí searmanas sínithe i Seomra Chomhairle Contae Fhine Gall i Halla an Chontae, Sord, nuair a síníodh Meabhrán Tuisceana idir Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Fhine Gall agus Comhairle Contae Fhine Gall.

Bhí ríméad ar Rúnaíocht an LRP an Meabhrán Tuisceana idir LRP Fhine Gall agus Comhairle Contae Fhine Gall a chur i láthair. Leagtar amach ann ar bhealach glan soiléir na róil agus na freagrachtaí a bheidh ag Comhairle Contae Fhine Gall agus LRP Fhine Gall ó thaobh an Clár LRP a sholáthar i bhFine Gall.

Bunaíodh LRP Fhine Gall mar chuid d'Athchóiriú an Rialtais Áitiúil go déanach in 2014. Ba fhorbairt é ar an struchtúr fóram pobail agus deonach a bhí ann roimhe sin.

Toghadh Rúnaíocht den chéad uair in 2015 chun bheith i gceannas ar agus maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an LRP.

Is féidir na torthaí a fheiceáil inniu sa réimse leathan eagraíochtaí agus daoine aonair, a bhfuil 800 díobh, a bhaineann leas as na cláir oiliúna, a ghlacann páirt sna Grúpaí Nascachta, a dhéanann obair dheonach mar Ionadaithe LRP, a chuireann le haighneachtaí comhairliúcháin agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe Iomlánacha.

Le linn an tsearmanais sínithe, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is croíphrionsabal an daonlathais é páirt a thabhairt do dhaoine i gcinntí a dhéanamh a bhfuil tionchar acu orthu agus ar a saol. Molaim an Meabhrán Tuisceana agus táim ag tnúth le tuilleadh comhairliúcháin amach anseo."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Cuirim fáilte roimh shíniú an Mheabhráin Tuisceana seo. Oibríonn údaráis áitiúla agus LRPanna i gcomhar lena chéile chun forbairt a dhéanamh ar chumas na mballeagraíochtaí chun go mbeidh siad ábalta páirt fhiúntach a ghlacadh i gcúrsaí a bhaineann leo."

Bhí ionadaithe LRP i láthair ag an searmanas ó gach cearn de chontae Fhine Gall chun an t-imeacht tábhachtach seo a fheiceáil. Dúirt Ema Idowu thar ceann na rúnaíochta: "Táimid tiomanta d'obair a dhéanamh leis na hearnálacha pobail, comhshaoil agus ionchuimsithe shóisialta chun tacú le heagraíochtaí obair dhearfach a dhéanamh ina bpobail féin agus ar mhaithe le Contae Fhine Gall. Táimid tiomanta chomh maith do pháirt a ghlacadh mar chomhpháirtí leis an lucht déanta cinntí ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

"Is mian linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach atá á cur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall don struchtúr LRP, agus táimid ag tnúth leis an tacaíocht sin a fhás agus a neartú amach anseo. Ba mhaith linn chomh maith buíochas a ghlacadh le gach balleagraíocht i LRP Fhine Gall a thug neart tacaíochta don LRP go dtí seo agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leo ar na dúshláin agus deiseanna atá amach romhainn."

Líonra is ea Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall ina bhfuil 800 eagraíocht phobail, dheonach, ionchuimsithe shóisialta agus chomhshaoil i gceantar Chontae Fhine Gall.

Tá ról tábhachtach ag LRP Fhine Gall ó thaobh ionadaíocht a dhéanamh ar phobail i struchtúir áitiúla chinnteoireachta agus ceaptha beartais.

Cuireann LRP Fhine Gall deiseanna oiliúna agus líonraithe agus eolas faoi mhaoiniú ar fáil do bhaill.

Má tá ceisteanna eile agat, déan teagmháil le Jenny Foley, Oibrí Acmhainne LRP Fhine Gall, 0873828589, jenny.foley@fingal.ie

Déan teagmháil linn ag ppn@fingal.ie nó faigh níos mó amach ar www.fingalppn.ie.
Tá LRP Fhine Gall á chomh-mhaoiniú ag Comhairle Contae Fhine Gall agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

# Seachtain na hInnealtóireachta ag teacht ar ais go Leabharlanna Fhine Gall

Tá Leabharlanna Fhine Gall chun Seachtain na hInnealtóireachta a reáchtáil den athuair in 2020 idir an 29 Feabhra agus an 6 Márta.


Le Seachtain na nInnealtóirí, cuirtear an innealtóireacht agus tábhacht na gairme sin in Éirinn chun cinn. Déantar an ócáid bhliantúil a chomhordú ar bhonn náisiúnta le clár STEPS de chuid Innealtóirí na hÉireann.

Beidh trí imeacht ar siúl i rith na seachtaine ar fud ár mbrainsí chun oideachas a chur ar na páistí maidir leis an obair a dhéanann innealtóirí agus chun na deiseanna atá ar fáil do dhaoine a bhfuil suim acu ann a chur in iúl dóibh.

Ag seo thíos, na trí imeacht atá beartaithe:

**"Trust me, I'm an engineer" ["Is féidir muinín a bheith agat asam, óir is innealtóir mé'] ina bhfoghlaimítear conas déileáil le Redstone i Minecraft, le Sabine McKenna:**

Doirse uathoibríocha?
Lampaí is féidir a lasadh agus a mhúchadh ó chian?






Rudaí a phléascadh le gunnaí móra TNT, b'fhéidir?

Foghlaim conas meicníochtaí a chruthú le Redstone, an cineál leictreachais a úsáidtear i Minecraft, idir chinn simplí agus chinn nach bhfuil chomh simplí sin, agus conas a bheith i d'Innealtóir Minecraft!

**Bricks4Kidz:**

Sna ceardlanna atá curtha ar siúl againn, glactar le mana Brící 4 Kidz®:

Úsáidimid Brící LEGO® chun Foghlaim, chun Tógáil agus chun Spraoi.

Bímid ag Foghlaim - Tá seacht gceacht théamúla 10-15 nóiméad curtha ar fáil ag na múinteoirí

Bímid ag Tógáil - Tógann na daltaí samhail an lae, agus treoracha simplí céim ar chéim acu chun é a dhéanamh

Bímid ag Spraoi - Bíonn na daltaí ag baint triail as a gcuid cruthaitheachta féin san am saor-spraoi.

e2 Innealtóirí Óga na hÉireann:

Is clár saibhriúcháin é e2 Innealtóirí Óga ina soláthraítear eolas teoiriciúil agus praiticiúil ar bhunphrionsabail na matamaitice, na heolaíochta agus na hinnealtóireachta trí úsáid a bhaint as brící mótair LEGO® agus modhanna eile chun an ghluaiseacht a ghiniúint.

Is é an chuspóir is príomhúla taobh thiar le Dúshlán na mBrící Innealtóirí Óga ná na hábhair a fhoghlaim le scéalta agus le taispeántais. Is é buaicphointe gach uile cheacht ná an chéim ag a dtógtar samhail ina léirítear ábhar an cheachta ag úsáid brící LEGO® agus Technic LEGO®.

Is é an cit speisialta le haghaidh na nInnealtóirí Óga a úsáideann chuile dhuine a ghlacann páirt ann, cit atá deartha agus déanta go speisialta chun na críche sin.

Cuirfear beocht i gcleachtas iontach na hinnealtóireachta i bpobail éagsúla ar fud na tíre le Seachtain na hInnealtóireachta, agus spreagfar leanaí agus aosaigh óga leis chun innealtóireacht a úsáid chun samhail a chruthú den chineál tíre is í Éire amach anseo.

Fingal's Library Services

| | | |
|---|---|---|
| Balbriggan | 01 870 4401 / 01 870 4402 | balbrigganlibrary@fingal.ie |
| Baldoyle | 01 890 6793 | baldoylelibrary@fingal.ie |
| Blanchardstown | 01 890 5563 | blanchlib@fingal.ie |
| Donabate | 01 890 5609 | donabate.library@fingal.ie |
| Garristown | 01 835 5020 | garristownlibrary@fingal.ie |
| Howth | 01 890 5026 | howthlibrary.library@fingal.ie |
| Malahide | 01 870 4430 / 01 870 4431 | malahidelibrary@fingal.ie |
| Rush | 01 870 8414 | rushlibrary@fingal.ie |
| Skerries | 01 890 5671 | skerrieslibrary.library@fingal.ie |
| Swords | 01 890 5894 / 01 890 5582 | swordslibrary@fingal.ie |
| Mobile library service | 01 822 1564 | mobilelibraries@fingal.ie |
| Library Headquarters | 01 890 5524 | LibrariesHQ@fingalcoco.ie |
| Housebound library service | 01 860 4290 / 1850 211466 (Freephone) | houseboundlibrary@fingal.ie |
| Local Studies and Archives | 01 870 4495 / 01 890 4486 | Local.Studies@fingal.ie |

Fingal Libraries are on Social Media!

# Taispeántas an-spéisiúil ina bhfuil réimse scéalta faoi chearta daonna

Cuireadh an taispeántas 'What in the World - 50 Countries, 50 Stories' ar siúl i Leabharlann Bhaile Bhlainséir, ina raibh réimse scéalta faoi chearta daonna ó áiteanna timpeall an domhain.




Tá réimse scéalta ó gach cearn den domhan sa taispeántas, scéalta a bhaineann le cearta daonna a chuir an déantóir clár faisnéise de chuid RTÉ Peadar King le chéile. Tionscadal a sheol Peadar, KMF Productions, Cúnamh Éireann agus RTÉ is ea an taispeántas, agus déanann sé ceiliúradh ar an tsraith "What in the World" a bheith in os cionn 50 tír anois.

I measc na n-ábhar a chuirtear san áireamh tá: cogadh, bochtaineacht, an t-athrú aeráide, gnéasachas agus saincheisteanna ceartais shóisialta.

Ina aitheasc tosaigh, dúirt Méara Eoghan O'Brien: "Mar gheall gur labhair sé go díreach le daoine ar a raibh tionchar ag foréigean, cogadh, an t-athrú aeráide agus leatrom agus gur chuir sé a scéalta os ár gcomhair, tacaíonn Peadar King linn tuiscint a fháil go bhfuil daoine ag fulaingt go mór ar fud an domhain, ar daoine iad a bhfuil an dóchas, an uaillmhian agus na mianta céanna acu is atá againn. Cé go mbíonn sé sin míchompordach dúinn go minic, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtugtar guth do na daoine daonna sin a fheicimid sna scéalta cráite sin ar an nuacht."

Labhair Peadar King faoin taispeántas ansin agus léigh sé sliocht as an leabhar is déanaí a d'fhoilsigh sé: War, Suffering and the Struggle for Human Rights. Ina dhiaidh sin, chuir Leabharlannaí Fhine Gall Siobhán Walsh é faoi agallamh. Chuir sí ceisteanna faoinar spreag é agus an taithí a bhí aige ó thaobh scannánú a dhéanamh i roinnt de na háiteanna is mó ina bhfuil corraíl ar fud an domhain.




# 130 DEONTAS DO GHNÓLACHTAÍ BEAGA I BHFINE GALL CEADAITHE

Bhronn Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien, agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, deimhnithe ar dhaoine ar éirigh lena n-iarratas ar dheontas do ghnó lena dtacaíonn Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall. Cuireann Rialtas na hÉireann an cistiú ar fáil agus déanann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa é a chómhaoiniú. Bhí na cuideachtaí i measc 130 cuideachta a faomhadh le 12 mhí anuas do dheontais airgeadais gnó (do ghnólachtaí nuathionscanta), deontais nuálaíochta, deontais fairsingithe gnó, Dearbháin Trádála ar Líne, deontais forbartha Easpórtálaí agus scéimeanna eile atá dírithe ar fhiontraíocht agus cruthú post a mhúscailt.

Tá na gnólachtaí faofa freagrach as go leor smaointe agus táirgí nuálacha, an méid seo a leanas ina measc: ardán bainistíochta gnó néalbhunaithe; déantúsóirí pacáistithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol don tionscal cógaisíochta; ardán saincheaptha oideachais dhigitigh chun airgeadas pearsanta a bhainistiú air; réimse táirgí ardchaighdeáin veigeánacha agus veigeatóracha; agus déantúsóirí seodra ardleibhéil comhaimseartha, ina measc rudaí eile. Cé nach bhfuil an formhór díobh ach i ndiaidh luathchéimeanna a bhforbartha a bhaint amach, tá rath náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag cuid díobh cheana féin.

Agus deimhnithe á mbronnadh aige ar gach ceann de na gnólachtaí a faomhadh le haghaidh deontais, dúirt an Comh. Eoghan O'Brien, Méara Fhine Gall: "Is mór an sásamh a thugann sé dom a thabhairt faoi deara go bhfuil forbairt ag teacht ar ghnólachtaí áitiúla beaga i bhFine Gall agus go bhfuil ag éirí chomh geal sinn leo in Éirinn agus thar lear. Glacann an Oifig Fiontair Áitiúil le ról ríthábhachtach lena chinntiú go n-aithnítear éachtaí ár bhfiontraithe i lár an aonaigh dhomhanda."

Sheol Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Fhine Gall sraith imeachtaí agus tionscnaimh spreagúla ghnó a thitfidh amach ar fud an Chontae i rith Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla (SFÁ), a bheidh ar siúl i mbliana idir an 2 agus an 6 Márta.

I mbliana, cuirfear roinnt mhaith imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl i rith SFÁ Fhine Gall atá dírithe ar ghníomhaíocht ghnó a spreagadh go háitiúil, i gcomhar le príomheagraíochtaí éagsúla tacaíochta gnó agus gníomhaireachtaí stáit, an méid seo a leanas ina measc: Fiontraíocht Éireann, Plato Dublin, Comhlachais Tráchtála, Ionaid Fiontair, Empower, IBM Ireland agus PayPal Ireland, i measc cinn eile. Chuir OFÁ Fhine Gall fáilte i rith Sheachtain na Fiontraíochta anuraidh roimh bhreis agus 1,500 úinéir/bainisteoirí gnólachta chuig na himeachtaí éagsúla i bhFine Gall.

Ag an seoladh, a thit amach san Aitriam in Áras an Chontae, Sord, thug Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien, chun solais gur gá d'fhiontair bheaga an deis a thapú mar ardán chun borradh gnó a luathú: "Trínár nOifig Fiontair Áitiúil, tá seirbhísí agus cúnamh ríthábhachtach á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall dár ngnólachtaí áitiúla, lena chinntiú go bhfuil an réimse tacaíochtaí stáit atá ar tairiscint á gcur ar fáil dóibh." Is mian linn a chinntiú go bhfuil ar chumas gan stró ag ár FBManna chun teacht i dtír ar na cláir agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh tríd an OFÁ agus comhlachtaí stáit eile".

Dúirt Oisín Geoghegan, Cathaoirleach an Ghréasáin OFÁanna agus Ceann Fiontraíochta i bhFine Gall: "Tá rogha iontach deiseanna againn do dhuine ar bith atá bainteach i ngnólacht reatha nó i ngnólacht nuathionscanta. Beidh na himeachtaí ar siúl i láithreacha éagsúla ar fud Fhine Gall. Faoi mar a bhí i gceist blianta roimhe seo, beidh gach áit sna himeachtaí seo curtha in áirithe roimh ré, mar sin, spreagaimid duine ar bith ar spéis leo páirt a ghlacadh chun áit a chur in áirithe a thapúla agus is féidir chun nach mbeidh díomá orthu."

Cuirfear tús buacach leis an tseachtain maidin Dé Luain, an 2 Márta nuair a chuirfear Grodchúrsa dian leathlae do Ghnólachtaí Nuathionscanta ar siúl i dTeach




# TÁ "AN BEART Á DHÉANAMH" AG AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL DO GHNÓLACHTAÍ

Dhroichid Nua i nDomhnach Bat, a bheidh dírithe ar chabhrú leo siúd a bhfuil smaoineamh acu do ghnólacht nua, nó duine ar bith a bhfuil gnólacht bunaithe acu le déanaí. Leanfar ar aghaidh go gasta um thráthnóna le ceardlann thiomnaithe Scileanna Ceannaireachta ag Óstán an Marine i gCill Fhionntain agus Máistir-Rang Digiteach ag Ceanncheathrú PayPal i mBaile Cúlann.

Ar an dara lá, Dé Máirt, an 3 Márta, tiocfaidh gnólachtaí áitiúla i láthair le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Fhine Gall chun freastal ar bhricfeasta líonraithe a dhíreoidh ar roinnt fiontraithe rathúla, ar a tugtar "Taobh Thiar den Ghnó" i Mullach Íde. Ag am lóin, beidh seimineár á chur ar siúl ag Plato Dublin a chabhróidh le gnólachtaí chun ullmhú do bhorradh ag Campas IBM Campas i mBaile Dama. Agus um thráthnóna, cuirfidh "Empower Fine Gall" Sárthaispeántas Fiontraíochta Eitní, a bheidh dírithe ar mhionlaigh eitneacha a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar a mbrionglóidí fiontraíochta i bhFine Gall.

Beidh trí imeacht ar siúl Dé Céadaoin, an 4 Márta, agus beidh seimineár ar siúl san LINC i mBaile Bhlainséir ar maidin do ghnólachtaí nuathionscanta a lorgaíonn chun airgeadas a thiomsú. I dturas an ama, cuirfidh Fiontraíocht Éireann imeacht eolasach ar siúl in Óstán an Crowne Plaza i mBaile Bhlainséir a mhíneoidh conas is féidir le cuideachtaí tairbhe a baint ó theacht ar dheontais nuálaíochta chun a mborradh leanúnach a chistiú. Beidh ceardlann lae iomláin faoi Brexit ar siúl, chomh maith, ag Ionad BEaT i mBaile Brigín do ghnólachtaí a easpórtálann chuig an RA.

Cuirfidh Comhlachas Tráchtála Bhaile Brigín seimineár líonraithe gnó ar siúl maidin Déardaoin maidir le Táirgiúlacht agus Iomaíochas, agus beidh ceardlann mhaidine á cur ar siúl ag an am céanna ag OFÁ Fhine Gall maidir le scileanna airgeadais do FBManna.

Beidh searmanas Bronnta Fiontraíochta Fhine Gall ar siúl tráthnóna Déardaoin in Áras an Chontae, Sord, áit a ndéanfar ceiliúradh ar scoth fhiontraíocht Fhine Gall agus áit a rachaidh siad san iomaíocht chun teideal bhuaiteoir 2020 "Gradam Fiontraíochta Fhine Gall", a bhfuil an-tóir air, a bhaint amach, chomh maith le €5,000 a bhuachan don chéad duais. Roghnófar gnólacht beag amháin chun an bhratach a chur ar foluain d'Fhine Gall chun dul san iomaíocht ag na Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta i mBealtaine.

Cuirfear deireadh le Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla Dé hAoine, an 6 Márta le dhá imeacht dhinimiciúla. Cuirfidh seimineár Dearbhán Trádála ar Líne (DTAL) ar maidin, a bheidh ar siúl ag Ionad an Riasc i Sord, an deis ar fáil do ghnólachtaí beaga chun a láithreán gréasáin nó straitéis margaíochta digití a fhorbairt trí dheontas a mhéid le €2,500 a fháil.
Tá roinnt imeachtaí go hiomlán saor in aisce agus ní ghearrtar ach táille ainmniúil áirithinte €10 ar chuid eile díobh. Faoi mar a bhí i gceist anuraidh, ceaptar go mbeidh gach áit curtha in áirithe do go leor de na himeachtaí go tapa agus moltar go mór, mar sin, chun áit a chur in áirithe go luath. Is féidir teacht ar níos mó eolais faoi Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla i bhFine Gall ag www.localenterprise.ie/fingal

# Teagmháil

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Halla an Chontae,
An Príomhshráid,
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
K67 X8Y2

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Oifigí na Cathrach,
Bóthar an Gharráin,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
D15 W638

Tel: (01) 890 5000

Láithreán Gréasáin: www.fingal.ie
Ríomhphost:
customercareunit@fingal.ie
Report: www.fixyourstreet.ie

**Déan Teagmháil linn ar**
Bí linn ar Facebook
Lean muid ar Twitter
Féach orainn ar YouTube

*Fingal News* arna fhoilsiú ag Aonad Cumarsáide Chomhairle Contae Fhine Gall.

Ríomhphost: fingalnews@fingal.ie

## Páirceanna Chomhairle Contae Fhine Gall

Diméin agus Páirc Réigiúnach Chaisleán Ard Giolláin

Diméin agus Páirc Réigiúnach Chaisleán Mhullach Íde

Feirm, Diméin agus Páirc Réigiúnach Teach an Droichid Nua

Caisleán Shoird agus Páirc an Bhaile

Diméin agus Páirc Réigiúnach Sheantraibh

Muilte na Sceirí

Páirc San Caitríona / Diméin Leamcháin

Gairdín Lusanna an Talbóidigh

Páirc Réigiúnach Ghleann na Tulcann

Páirc Réigiúnach Ghleann Abhann an Bharda

**Le haghaidh liosta iomlán d'uaire oscailte agus tuilleadh mionsonraí téigh go dtí:**

**http://fingal.ie/community-and-leisure/**

## Fingal County Council Recycling Centres

**Ionad Athchúrsála Chúil Mhín**
Eastát Tionsclaíochta Chúil Mhín,
Baile Átha Cliath 15.
(Le taobh Stáisiún Dóiteáin Chúil)

**Ionad Athchúrsála an Inbhir**
Sord, Contae Bhaile Átha Cliath
(Le taobh Páirc Ghnó

**Le haghaidh uaire oscailte agus tuilleadh mionsonraí féach ar an nasc**
http://fingal.ie/environment/waste-and-recycling/recycling-centres/

# Your Waste: Your Responsibility

**Your Court Fine of up to €5,000**

**or Prison Term of up to 12 months**

# BEWARE!

**ILLEGAL WASTE COLLECTORS**




**No Permit - It's Illegal**

**Check if Authorised: www.nwcpo.ie**

**Report to - environment@fingal.ie**


eastern - midlands waste region


Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigin**

1. An Comh. Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4. An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh Karen Power
An Comhaontas Glas
karen,power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros - Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 322 7472

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisialach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James Humphreys
Páirtí an Lucht Oibre
james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair/Mullach Íde**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24 An Comh. Joan Hopkins
An Páirtí Sóisialach Daonlathach
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh Emer Currie
Fine Gael
emer.currie@cllrs.fingal.ie
085 816 1306

26. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

27. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

28. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 050 6146

29. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

30 . An Comh. Pamela Conroy
An Comhaontas Glas
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

**Ongar**

31. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32 An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Fein
aaron.orourke@cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628